RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1119 ÓN gCOIMISIÚN

an 12 Eanáir 2023

lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme i dtaca le cur i bhfeidhm Threoir (AE) 2019/2034 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le foirmeacha, teimpléid agus nósanna imeachta caighdeánacha chun faisnéis a chomhroinnt idir údaráis inniúla na mBallstát baile agus na mBallstát óstach

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2019/2034 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le maoirseacht stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoracha 2002/87/CE, 2009/65/CE, 2011/61/AE, 2013/36/AE, 2014/59/AE agus 2014/65/AE ([1]), agus go háirithe Airteagal 13(8), an dara fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun go mbeidh comhar éifeachtúil tráthúil ann idir údaráis inniúla na mBallstát baile agus na mBallstát óstach, is gá malartú faisnéise leordhóthanach déthreoch a bheith ann laistigh d'inniúlachtaí maoirseachta faoi seach na n-údarás sin. Chun tacú leis an gcuspóir sin, ba cheart foirmeacha, teimpléid agus nósanna imeachta oibriúcháin caighdeánacha, lena n-áirítear amlínte, a bhunú chun faisnéis a mhalartú. Ós rud é gur cheart don fhaisnéis a mhalartaítear a bheith tráthúil agus cothrom le dáta, ba cheart do na húdaráis inniúla a ndícheall a dhéanamh faisnéis a mhalartú a luaithe is féidir, gan moill mhíchuí, roimh dhul in éag d'aon sprioc-am uasta maidir le seoltán.

(2) Chun tarchur éifeachtúil faisnéise chuig na teagmhálaithe ábhartha laistigh de na húdaráis inniúla a áirithiú agus chun rúndacht na faisnéise a áirithiú chomh maith, ba cheart do na húdaráis inniúla liostaí de theagmhálaithe a bhunú, a chomhroinnt agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta.

(3) Chun éifeachtacht na maoirseachta ar ghnólachtaí infheistíochta ar bhonn trasteorann a áirithiú, chun a áirithiú go dtugtar cosaint leordhóthanach do chliaint agus do mhargaí, agus chun gníomhaíochtaí ceartaitheacha prasa a áirithiú freisin, ba cheart d'údaráis inniúla na mBallstát baile agus na mBallstát óstach a chéile a chur ar an eolas gan moill mhíchuí faoi aon chás a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don chobhsaíocht airgeadais nó d'fheidhmiú brainse agus an fhaisnéis riachtanach agus ábhartha uile maidir leis an gcás sin a sholáthar.

(4) I Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1117 ón gCoimisiún ([2]) leagtar amach ceanglais maidir le cineál agus nádúr na faisnéise atá le malartú ag údaráis inniúla na mBallstát baile agus na mBallstát óstach. Dá bhrí sin, agus foirmeacha, teimpléid agus nósanna imeachta caighdeánacha á mbunú maidir le ceanglais comhroinnte faisnéise den sórt sin, ba cheart an raon feidhme agus an cur chuige a leagtar amach sa Rialachán Tarmligthe sin a leanúint agus ba cheart na foirmeacha, na teimpléid agus na nósanna imeachta caighdeánacha a cuireadh chun feidhme cheana trí shásraí eile amhail na sásraí sin a leagtar amach i gcomhréir le hAirteagail 34 agus 35 de Threoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) a chur san áireamh, agus ar an gcaoi sin dúbláil a sheachaint.

(5) Sa chreat a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1117 sonraítear ceanglais maidir le cineál agus nádúr na faisnéise atá le malartú ag údaráis inniúla. Cé go soláthraítear leis an gcreat sin na príomhghnéithe ar cheart dóibh a bheith faoi réir malartú faisnéise idir údaráis inniúla, ní hé is aidhm dó srian a chur le raon feidhme an mhalartaithe faisnéise sin i gcomhthéacs comhar leathan a chur chun cinn idir údaráis inniúla ar bhonn trasteorann.

([1]) IO L 314, 5.12.2019, p. 64.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1117 ón gCoimisiún an 12 Eanáir 2023 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2019/2034 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear ceanglais maidir le saghas agus cineál na faisnéise atá le malartú ag údaráis inniúla na mBallstát baile agus óstach (féach leathanach 10 den Iris Oifigiúil seo).

([3]) Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349).

(6) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla a chuir an tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhairle leis an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA).

(7) Tá comhairliúcháin phoiblí oscailte déanta ag ÚBE maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, tá anailís déanta aige ar na costais ghaolmhara agus ar na tairbhí gaolmhara a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí Baincéireachta a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]),

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Minicíocht an mhalartaithe faisnéise

1. Déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1117 a chur ar fáil agus a nuashonrú ar bhonn bliantúil ar a laghad. Soláthróidh údaráis inniúla an Bhallstáit baile an fhaisnéis nuashonraithe d'údaráis inniúla an Bhallstáit óstaigh tráth nach déanaí ná an 30 Aibreán gach bliain nó, gan moill mhíchuí, tar éis athrú ábhartha.

2. An fhaisnéis maidir le haon chás de neamhchomhlíonadh na gceanglas, mar a shonraítear in Airteagail 3 go 6 agus Airteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1117 agus maidir le cur i bhfeidhm na mbeart maoirseachta nó na smachtbhannaí riaracháin nó na mbeart riaracháin eile dá dtagraítear in Airteagal 9 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1117, soláthrófar í gan moill mhíchuí agus tráth nach déanaí ná 14 lá féilire tar éis do na húdaráis inniúla an cás neamhchomhlíonta a chinneadh, nó tar éis an beart maoirseachta nó an beart riaracháin eile a chur i bhfeidhm, nó tar éis smachtbhanna riaracháin a chur i bhfeidhm.

3. Déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagail 3 go 7 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1117 a chur ar fáil agus a nuashonrú ar bhonn bliantúil ar a laghad. Soláthróidh údaráis inniúla an Bhallstáit baile an fhaisnéis nuashonraithe d'údaráis inniúla an Bhallstáit óstaigh tráth nach déanaí ná an 30 Aibreán gach bliain, bunaithe ar an gclabhsúr cuntasaíochta amhail ón 31 Nollaig nó, gan moill mhíchuí, tar éis athrú ábhartha.

4. De mhaolú ar mhír 3, i mbliain féilire, i gcás ina ndéanfaidh údaráis inniúla an Bhallstáit baile an t-athbhreithniú agus an mheastóireacht mhaoirseachta ar ghnólachtaí infheistíochta a dhéantar i gcomhréir le hAirteagal 36 de Threoir (AE) 2019/2034 a chur i gcrích, soláthrófar an fhaisnéis a shonraítear i mír 3 tráth nach déanaí ná 1 mhí amháin tar éis chur i gcrích na tuarascála.

Airteagal 2

Nósanna imeachta oibríochtúla maidir le faisnéis a tharchur

1. Déanfaidh údaráis inniúla an Bhallstáit baile liosta teagmhálaithe atá cothrom le dáta a choinneáil ar bun agus a chomhroinnt le húdaráis inniúla an Bhallstáit óstaigh, ar liosta teagmhálaithe é maidir le gach gnólacht infheistíochta ina bhfuil na teagmhálaithe ábhartha agus an fhaisnéis teagmhála, lena n-áirítear teagmhálacha éigeandála, chun faisnéis a mhalartú idir údaráis inniúla na mBallstát baile agus na mBallstát óstach.

2. Cuirfidh údaráis inniúla na mBallstát óstach údaráis inniúla an Bhallstáit baile ar an eolas faoina dteagmhálaithe agus faoina bhfaisnéis teagmhála agus faoi aon athrú gan moill mhíchuí. Déanfaidh údaráis inniúla an Bhallstáit baile agus na mBallstát óstach an liosta teagmhálaithe a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta uair sa bhliain ar a laghad.

3. Déanfaidh údaráis inniúla an Bhallstáit baile agus údaráis inniúla na mBallstát óstach faisnéis a mhalartú i scríbhinn nó i bhfoirm leictreonach agus seolfaidh siad an fhaisnéis chuig na teagmhálaithe ábhartha a shainaithnítear sa liosta teagmhálaithe dá dtagraítear i mír 1 mura sonraíonn údarás inniúil a iarrann faisnéis a mhalairt.

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

4. I gcás ina malartaítear faisnéis i bhfoirm leictreonach, úsáidfear bealaí slána cumarsáide mura rud é, agus gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagal 15 de Threoir (AE) 2019/2034 agus do rialacha maidir le próiseáil sonraí pearsanta, go gcomhaontaíonn na húdaráis inniúla a sholáthraíonn agus a fhaigheann faisnéis, i gcás inarb iomchuí, bealaí neamhshlána cumarsáide a úsáid.

5. Ag brath ar an bpráinn a bhaineann le cás sonrach, i gcás ina mbeidh torthaí sainaitheanta ag údaráis inniúla faoi aon fhadhb agus aon riosca a d'fhéadfadh a bheith ann a bhaineann le gnólacht infheistíochta maidir le cosaint cliant nó cobhsaíocht an chórais airgeadais sa Bhallstát óstach nó faoi chásanna neamhchomhlíonta, féadfar an fhaisnéis seo a leanas a sholáthar ó bhéal i dtosach sula ndéanfar í a dheimhniú i scríbhinn nó i bhfoirm leictreonach:

(a) faisnéis maidir le neamhchomhlíonadh na gceanglas dá dtagraítear in Airteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1117;

(b) faisnéis maidir le cur i bhfeidhm na mbeart maoirseachta nó na mbeart riaracháin eile;

(c) faisnéis maidir le smachtbhannaí riaracháin a fhorchur.

6. Ar fhaisnéis a fháil dóibh, deimhneoidh na húdaráis inniúla go bhfuarthas an fhaisnéis sin. I gcás inar soláthraíodh faisnéis i bhfoirm leictreonach trí bhealach slán cumarsáide a úsáid, úsáidfear an bealach céanna chun an deimhniú fála a sholáthar. Ní bheidh gá le deimhniú fála maidir le faisnéis a soláthraíodh ó bhéal nó trí úsáid a bhaint as bealach slán cumarsáide a chuireann ar chumas an tseoltóra deimhniú a fháil go bhfuair an faighteoir an fhaisnéis.

7. I gcás inar bunaíodh coláiste maoirseoirí i gcomhréir le hAirteagal 48(1) de Threoir (AE) 2019/2034 agus ina mbíonn údaráis inniúla an Bhallstáit baile agus údaráis inniúla na mBallstát óstach rannpháirteach sa choláiste mar chomhaltaí nó mar rannpháirtithe eile i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1118 ón gCoimisiún ([5]), ní bheidh feidhm ag míreanna 1 go 6 den Airteagal seo. I gcásanna den sórt sin, malartófar an fhaisnéis i gcomhréir le hAirteagal 48(6) de Threoir (AE) 2019/2034.

Airteagal 3

Foirmeacha caighdeánacha atá le húsáid maidir le faisnéis a mhalartú i ndáil le gnólachtaí infheistíochta a oibríonn trí bhrainse

1. Déanfar faisnéis dá dtagraítear in Airteagail 2 go 4 agus Airteagal 7 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1117 trí úsáid a bhaint as an teimpléad agus as an bhfoirm a leagtar amach san Iarscríbhinn.

2. Maidir le faisnéis agus torthaí faoi aon fhadhb agus aon riosca a d'fhéadfadh a bheith ann a bhaineann leis an mbrainse nó lena ghníomhaíochtaí sa Bhallstát óstach agus a mbeadh tionchar suntasach acu ar chosaint cliant nó ar chobhsaíocht an chórais airgeadais sa Bhallstát óstach, soláthróidh údaráis inniúla an Bhallstáit óstaigh í san fhoirm a mheasann na húdaráis sin a bheith iomchuí.

3. Maidir le faisnéis dá dtagraítear in Airteagal 8 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1117 agus faisnéis maidir le cur i bhfeidhm na mbeart maoirseachta nó na mbeart riaracháin eile nó na smachtbhannaí riaracháin dá dtagraítear in Airteagal 1(2) den Rialachán seo, soláthrófar í san fhoirm a mheasann an t-údarás inniúil a sholáthraíonn an fhaisnéis a bheith iomchuí.

Airteagal 4

Iarrataí ar fhaisnéis maidir le soláthraithe seirbhíse trasteorann

1. Maidir leis na húdaráis inniúla de chuid Ballstáit óstaigh, ina ndéanann gnólacht infheistíochta a ghníomhaíochtaí faoin tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar, agus a iarrann ar údaráis inniúla an Bhallstáit baile an fhaisnéis maidir leis na seirbhísí sin a sholáthar mar a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1117, déanfaidh siad na nithe seo a leanas:

(a) an iarraidh ar fhaisnéis a sholáthar i scríbhinn nó i bhfoirm leictreonach don teagmhálaí ábhartha a shainaithnítear sa liosta teagmhálaithe dá dtagraítear in Airteagal 2(1);

([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1118 ón gCoimisiún an 12 Eanáir 2023 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2019/2034 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na dálaí faoina bhfeidhmíonn coláistí maoirseoirí a gcuid cúraimí (féach leathanach 17 den Iris Oifigiúil seo).

(b) tréimhse ama réasúnta a chur in iúl faoina meastar go mbeidh an freagra ar fáil.

2. Déanfaidh údaráis inniúla an Bhallstáit baile a fhaigheann iarraidh dá dtagraítear i mír 1 an fhaisnéis a sholáthar gan moill mhíchuí agus déanfaidh siad gach iarracht freagra a thabhairt faoin am a léirítear san iarraidh. I gcás nach bhfuil na húdaráis inniúla sin in ann freagra a thabhairt faoin am a léiríodh san iarraidh, cuirfidh siad na húdaráis inniúla iarrthacha ar an eolas gan moill mhíchuí faoin tráth faoina soláthróidh siad an fhaisnéis.

Airteagal 5

Iarrataí ad-hoc ar fhaisnéis

1. Maidir le haon iarraidh *ad hoc* eile ar fhaisnéis nach sonraítear faoi Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1117, tarchuirfear í i scríbhinn nó i bhfoirm leictreonach chuig na teagmhálaithe ábhartha a shainaithnítear sa liosta teagmhálaithe dá dtagraítear in Airteagal 2(1) den Rialachán seo.

2. Tabharfaidh údaráis inniúla a dhéanann iarraidh dá dtagraítear i mír 1 míniú ar an gcaoi ar dócha go n-éascófar leis an bhfaisnéis maoirseacht nó faireachán ar an ngnólacht infheistíochta nó cosaint chobhsaíocht an chórais airgeadais.

3. Déanfaidh na húdaráis inniúla a iarrann an fhaisnéis tréimhse ama réasúnta a chur in iúl faoina meastar go mbeidh an freagra ar fáil, agus cineál agus práinn na hiarrata agus an fhaisnéis a iarradh á gcur san áireamh.

4. Déanfaidh údaráis inniúla a fhaigheann iarraidh dá dtagraítear i mír 1 an fhaisnéis a sholáthar gan moill mhíchuí agus déanfaidh siad gach iarracht freagra a thabhairt faoin am a léirítear san iarraidh. I gcás nach bhfuil na húdaráis inniúla sin in ann freagra a thabhairt faoin am a léiríodh san iarraidh, cuirfidh siad na húdaráis inniúla iarrthacha ar an eolas gan moill mhíchuí faoin tráth faoina soláthróidh siad an fhaisnéis.

5. I gcás nach bhfuil an fhaisnéis a iarradh ar fáil, déanfaidh na húdaráis inniúla, a fhaigheann iarraidh dá dtagraítear i mír 1, na húdaráis inniúla, a dhéanann an iarraidh, a chur ar an eolas dá réir sin.

Airteagal 6

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Eanáir 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Teimpléad le haghaidh malartú faisnéise maidir le gnólachtaí infheistíochta, is faisnéis atá le soláthar ag údaráis inniúla an Bhallstáit baile d'údaráis inniúla Ballstáit óstaigh a dhéanann maoirseacht ar bhrainse:

Údarás Inniúil:	*Téacs saor*
Ainm an ghnólachta infheistíochta:	*Téacs saor*
Dáta tagartha (LL/MM/BBBB) **Dáta tíolactha (LL/MM/BBBB):**	*Dáta tagartha i gcomhair na faisnéise.* *An dáta a sholáthraítear an fhaisnéis d'údaráis inniúla an Bhallstáit óstaigh.*
An bhfuil an fhaisnéis á soláthar ar bhonn comhdhlúite? (Tá/Níl)	*Sonraigh "Tá" má sholáthraítear faisnéis sa teimpléad seo ar bhonn comhdhlúite agus ní ar leibhéal an ghrúpa gnólachtaí infheistíochta.*
Teagmhálaí ag údaráis inniúla an Bhallstáit baile	*Ainm agus sonraí teagmhála de chuid duine a sholáthraíonn faisnéis i gcás ceisteanna leantacha a d'fhéadfadh a bheith ann*
Ráiteas maidir leis an ngnólacht infheistíochta ag comhlíonadh na gceanglas cistí dílse a leagtar síos in Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2019/2033, agus na socruithe idirthréimhseacha a leagtar síos in Airteagal 57 den Rialachán sin á gcur san áireamh **Ráiteas maidir lena mhéid a chomhlíonann an gnólacht infheistíochta na ceanglais cistí dílse breise arna bhforchur i gcomhréir le hAirteagal 39(2), pointe (a), de Threoir (AE) 2019/2034** **Ráiteas maidir lena mhéid a chomhlíonann an gnólacht infheistíochta aon treoraíocht maidir le cistí dílse breise arna bhforchur i gcomhréir le hAirteagal 41 de Threoir (AE) 2019/2034**	*Tagairt dhlíthiúil: Airteagal 3(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1117.* *Téacs saor ina bhfreagraítear an cheist ar an dáta tuairiscithe.* *I gcás nach mbíonn aon athrú ann i gcomparáid leis an tréimhse tuairiscithe roimhe sin, féadfaidh údaráis inniúla tagairt a dhéanamh d'fhaisnéis a soláthraíodh cheana nó í a thabhairt cothrom le dáta dá réir sin.* *Tabhair do d'aire go ndéanfar cásanna maidir le neamhchomhlíonadh na n-íoscheanglas rialála agus aon bheart maoirseachta arna ndéanamh ag na húdaráis inniúla chun aghaidh a thabhairt orthu a thuairisciú lasmuigh den teimpléad seo i malartú faisnéise rialta agus i gcomhréir le hAirteagal 1(2).*
Luach na gceanglas cistí dílse a leagtar síos in Airteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 2019/2033	*Tagairt dhlíthiúil: Airteagal 3(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1117.* *Luach ó thuairisciú maoirseachta.* *I gcás nach mbíonn aon athrú ann i gcomparáid leis an tréimhse tuairiscithe roimhe sin, féadfaidh údaráis inniúla tagairt a dhéanamh d'fhaisnéis a soláthraíodh cheana nó í a thabhairt cothrom le dáta dá réir sin.*
Ráiteas i dtaobh ar socraíodh an luach a soláthraíodh sa líne roimhe seo ar bhonn Airteagal 11(1), pointe (a), (b) nó (c) de Rialachán (AE) 2019/2033	*Tagairt dhlíthiúil: Airteagal 3(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1117.* *Téacs saor ina soláthraítear an bonn ar dá réir a dhéantar ceanglais cistí dílse a ríomh.* *I gcás nach mbíonn aon athrú ann i gcomparáid leis an tréimhse tuairiscithe roimhe sin, féadfaidh údaráis inniúla tagairt a dhéanamh d'fhaisnéis a soláthraíodh cheana nó í a thabhairt cothrom le dáta dá réir sin.*
Luach aon cheanglas cistí dílse breise arna bhforchur i gcomhréir le hAirteagal 39(2), pointe (a), de Threoir (AE) 2019/2034, agus na forais lena bhforchur	*Tagairt dhlíthiúil: Airteagal 3(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1117.* *Luach ó thuairisciú maoirseachta.* *Téacs saor ina soláthraítear na forais atá le ceanglais cistí dílse bhreise a fhorchur.* *I gcás nach mbíonn aon athrú ann i gcomparáid leis an tréimhse tuairiscithe roimhe sin, féadfaidh údaráis inniúla tagairt a dhéanamh d'fhaisnéis a soláthraíodh cheana nó í a thabhairt cothrom le dáta dá réir sin.*

Luach aon treoraíochta maidir le cistí dílse breise arna bhforchur i gcomhréir le hAirteagal 41 de Threoir (AE) 2019/2034.	*Tagairt dhlíthiúil: Airteagal 3(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1117.* *Luach ó thuairisciú maoirseachta.* *Téacs saor ina soláthraítear na forais atá le treoraíocht cistí dílse bhreise a fhorchur.* *I gcás nach mbíonn aon athrú ann i gcomparáid leis an tréimhse tuairiscithe roimhe sin, féadfaidh údaráis inniúla tagairt a dhéanamh d'fhaisnéis a soláthraíodh cheana nó í a thabhairt cothrom le dáta dá réir sin.*
Ráiteas maidir lena mhéid a chomhlíonann an gnólacht infheistíochta na ceanglais riosca chomhchruinnithe a leagtar síos i gCuid a Ceathair de Rialachán (AE) 2019/2033	*Tagairt dhlíthiúil: Airteagal 4(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1117.* *Téacs saor ina bhfreagraítear an cheist ar an dáta tuairiscithe.* *I gcás nach mbíonn aon athrú ann i gcomparáid leis an tréimhse tuairiscithe roimhe sin, féadfaidh údaráis inniúla tagairt a dhéanamh d'fhaisnéis a soláthraíodh cheana nó í a thabhairt cothrom le dáta dá réir sin.* *Tabhair do d'aire go ndéanfar cásanna maidir le neamhchomhlíonadh na n-íoscheanglas rialála agus aon bheart maoirseachta arna ndéanamh ag na húdaráis inniúla chun aghaidh a thabhairt orthu a thuairisciú lasmuigh den teimpléad seo i malartú faisnéise rialta agus i gcomhréir le hAirteagal 1(3) den Rialachán seo.*
Ráiteas maidir lena mhéid a chomhlíonann an gnólacht infheistíochta na ceanglais leachtachta a leagtar síos i gCuid a Cúig de Rialachán (AE) 2019/2033, agus na socruithe idirthréimhseacha a leagtar síos in Airteagal 57(1) á gcur san áireamh	*Tagairt dhlíthiúil: Airteagal 4(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1117.* *Téacs saor ina bhfreagraítear an cheist ar an dáta tuairiscithe.* *I gcás nach mbíonn aon athrú ann i gcomparáid leis an tréimhse tuairiscithe roimhe sin, féadfaidh údaráis inniúla tagairt a dhéanamh d'fhaisnéis a soláthraíodh cheana nó í a thabhairt cothrom le dáta dá réir sin.* *Tabhair do d'aire go ndéanfar cásanna maidir le neamhchomhlíonadh na n-íoscheanglas rialála agus aon bheart maoirseachta arna ndéanamh ag na húdaráis inniúla chun aghaidh a thabhairt orthu a thuairisciú lasmuigh den teimpléad seo i malartú faisnéise rialta agus i gcomhréir le hAirteagal 1(3) den Rialachán seo.*
Achoimre ar an measúnú foriomlán a rinne údaráis inniúla an Bhallstát baile ar an bpróifíl riosca leachtachta agus ar an mbainistiú riosca de chuid gnólacht infheistíochta	*Tagairt dhlíthiúil: Airteagal 4(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1117.* *Téacs saor ina bhfreagraítear an cheist ar an dáta tuairiscithe.* *I gcás nach mbíonn aon athrú ann i gcomparáid leis an tréimhse tuairiscithe roimhe sin, féadfaidh údaráis inniúla tagairt a dhéanamh d'fhaisnéis a soláthraíodh cheana nó í a thabhairt cothrom le dáta dá réir sin.*
Measúnú achomair ar aon rioscaí ábhartha a léiríodh leis an athbhreithniú agus meastóireacht mhaoirseachta arna ndéanamh i gcomhréir le hAirteagal 36 de Threoir (AE) 2019/2034 nó trí aon ghníomhaíocht mhaoirseachta eile a rinne údaráis inniúla an Bhallstáit baile	*Tagairt dhlíthiúil: Airteagal 7(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1117.* *Téacs saor ina bhfreagraítear an cheist ar an dáta tuairiscithe.* *I gcás nach mbíonn aon athrú ann i gcomparáid leis an tréimhse tuairiscithe roimhe sin, féadfaidh údaráis inniúla tagairt a dhéanamh d'fhaisnéis a soláthraíodh cheana nó í a thabhairt cothrom le dáta dá réir sin.*

Faisnéis bhreise atá le malartú maidir le bainistiú agus úinéireacht an ghnólachta infheistíochta agus maidir le hullmhúcháin i gcomhair staideanna éigeandála

Tagairt dhlíthiúil: Airteagal 2(1) agus Airteagal 10 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1117.

1. Struchtúr eagrúcháin reatha (eagarghram) an ghnólachta infheistíochta lena n-áirítear a línte gnó agus an gaol atá aige le heintitis laistigh den ghrúpa

2. Sonraí teagmhála éigeandála de chuid daoine laistigh de na húdaráis inniúla atá freagrach as staideanna éigeandála a láimhseáil agus as nósanna imeachta cumarsáide a mbeidh feidhm acu maidir le staideanna éigeandála

I gcás nach mbíonn aon athrú ann i gcomparáid leis an tréimhse tuairiscithe roimhe sin, féadfaidh údaráis inniúla tagairt a dhéanamh d'fhaisnéis a soláthraíodh cheana nó í a thabhairt cothrom le dáta dá réir sin.

Faisnéis bhreise atá le soláthar ag údaráis inniúla an Bhallstáit baile atá ag maoirsiú gnólachtaí infheistíochta nach sainaithnítear ina ngnólachtaí beaga agus gnólachtaí infheistíochta neamh-idirnasctha i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (AE) 2019/2033

Tagairt dhlíthiúil: Airteagal 2(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1117.

1. Struchtúr an chomhlachta bainistíochta agus na bainistíochta sinsearaí, lena n-áirítear leithdháileadh na freagrachta as maoirseacht a dhéanamh ar bhrainse

2. Liosta scairshealbhóirí agus comhaltaí a bhfuil sealúchais cháilitheacha acu

I gcás nach mbíonn aon athrú ann i gcomparáid leis an tréimhse tuairiscithe roimhe sin, féadfaidh údaráis inniúla tagairt a dhéanamh d'fhaisnéis a soláthraíodh cheana nó í a thabhairt cothrom le dáta dá réir sin